# Saoránaigh a Chumhachtú chun Todhchaí Fuinnimh na hEorpa a Mhúnlú

## Eagarfhocal tuairimíochta leis an Leas-Uachtarán um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht Dubravka Šuica

**Is lá cinniúnach é an lá inniu agus Painéal Saoránach Eorpach eile á sheoladh againn, an uair seo maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh. Céim thábhachtach eile is ea é san aistear uathúil seo ar thug muid faoi in éineacht le daoine ó gach cearn den Eoraip, aistear ar tosaíodh é leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Ó shin i leith, táimid ag obair i dtreo éiceachóras daonlathach nuálach a thógáil. Thosaigh muid leis na trí Phainéal Saoránach anuraidh: ar Chur Amú Bia, ar Dhomhain Fhíorúla, agus ar Shoghluaisteacht Foghlama, agus tionchar cinniúnach imeartha ag gach ceann acu ar thionscnaimh bheartais. Ní hé amháin atá i gceist leis an aistear seo na hinstitiúidí a thabhairt níos gaire do na saoránaigh, ach guthanna saoránach a fhí isteach sa phróiseas ceaptha beartas freisin.**

Cleachtadh ceannródaíoch ar an daonlathas rannpháirtíoch agus dioscúrsach a bhí sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Ghlac na mílte Eorpach páirt i bplé fónta faoina gcuid brionglóidí agus dóchas le haghaidh an Aontais Eorpaigh. Níl insint ar luach na léargas a bailíodh, lenar múnlaíodh ár dtuiscint agus ár gcur chuige maidir le hEoraip a bheidh níos comhtháite, níos athléimní, agus níos réamhbhreathnaithí. Is é meon na rannpháirtíochta leanúnaí agus an chomhoibrithe leanúnaigh a thug orainn an Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a sheoladh.

Ach cad go díreach atá i gceist leis na Painéil seo, agus conas a oibríonn siad? I ndeireadh na dála, is spásanna nuálacha sábháilte trédhearcacha le haghaidh daonlathas dioscúrsach iad na Painéil Saoránach Eorpacha. Tugann siad le chéile Eorpaigh de gach glúin ó chúlraí éagsúla chun smaointe maidir le réimsí beartais sonracha a phlé, a chaibidil, agus a roinnt. Ní comhlachtaí comhairliúcháin iad na Painéil; fóraim is ea iad le haghaidh cumhachtaithe, lenar féidir le saoránaigh eolas a fháil ar an ábhar atá idir lámha go han-tapa, é a phlé, agus a gcuid smaointe agus tograí a chur isteach ansin. Bealach nithiúil is ea é seo inar féidir le saoránaigh tionchar a imirt ar threo bheartais an Aontais. Tá leas á bhaint againn as an spás dinimiciúil idir toghcháin. Tá ár ndaonlathas ionadaíoch á threisiú againn. Cé go bhfuil an vótáil tábhachtach, agus iarraim ar gach duine vótáil sna toghcháin Eorpacha atá le teacht, níor cheart dúinn a mheas gurb é an gníomh aonair sin a dhéanamh uair amháin gach cúpla bliain is ár ndaonlathas ann.

Roghnaítear rannpháirtithe trí dhianphróiseas de roghnú randamach a chinntíonn ionadaíocht dhéimeagrafach leathan, lena n-áirítear aois, suíomh geografach (na Ballstáit ar fad agus suíomhanna uirbeacha/tuaithe), cúlra socheacnamaíoch, agus leibhéal oideachais. Is ríthábhachtach an éagsúlacht seo, toisc go gcinntíonn sí stór peirspictíochtaí agus eispéireas, rud a chuireann saibhreas leis an bplé agus leis na torthaí. Tá ró-ionadaíocht bheag ag daoine óga, áfach. Mar a bhí amhlaidh leis an gComhdháil, is daoine óga idir 16 agus 25 bliana d'aois a bheidh in trian de gach painéal ar a laghad.

Is tráthúil go maith é an Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh. Ní mór don Eoraip aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an tslándáil fuinnimh, agus dá bhrí sin ní raibh an gá le réitigh nuálacha inbhuanaithe riamh chomh práinneach agus atá anois. Tabharfaidh an painéal seo ardán do shaoránaigh a gcuid smaointe, ábhair imní agus físeanna

le haghaidh Eoraip níos fuinneamhéifeachtúla a chur in iúl. Beidh an t-ionchur uathu fíorthábhachtach maidir le hiarrachtaí an Aontais a threorú chun tomhaltas fuinnimh a laghdú, chun aistriú chuig foinsí fuinnimh ghlain, agus chun todhchaí inbhuanaithe a chinntiú do gach duine.

Is léiriú é an t-éiceachóras daonlathach nua atá á thógáil againn ar ár ngealltanas, ní hamháin go n-éistfimid le tograí ónár saoránach, ach go ngníomhóimid dá réir sin freisin. Léiríonn sé an mhuinín atá againn as cumhacht na faisnéise comhchoitinne idirghlúine agus ról an daonlathais rannpháirtíoch i mbeartais a mhúnlú atá níos cuimsithí, níos cothromasaí, agus a léiríonn mianta éagsúla dhaonra na hEorpa. Cloisimid neart faoin ngá atá ann go gcuirfeadh saoránaigh muinín i bpolaiteoirí. Mar iar-mhéara, creidim féin gur gá dúinne, na polaiteoirí, muinín a chur sna saoránaigh. Mar sin, iarraim ar gach duine súil a choimeád orainne freisin, toisc go mbíonn dhá ghrúpa i gceist san idirphlé.

Agus an Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh á sheoladh againn, ba mhaith liom a athdhearbhú go bhfuil i bhfad níos mó i gceist leis ná pléfhóram nó grúpa fócais. Ní mór dúinn a léiriú gur féidir leis an daonlathas beart a dhéanamh ar son na saoránach, ní hamháin trí ghníomhú de réir an toraidh, ach trínár sásra aiseolais láidir freisin. Maidir leis na saoránaigh a thugann a gcuid ama uathu chun ionchur luachmhar a sholáthar ar mhaithe le ceapadh beartas, tá tuillte acu go dtagaimid ar ais chucu agus an méid atá déanta againn lena gcuid tograí a léiriú dóibh.

Céim mhór chun tosaigh is ea iad na painéil saoranach i dtreo Aontas Eorpach atá níos oscailte, níos daonlathaí, níos rannpháirtí agus níos dírithe ar shaoránaigh. Baineann siad le gach duine a chumhachtú chun ról gníomhach a imirt inár dtodhchaí choiteann, rud a chinnteoidh go dtógfar Eoraip an lae amárach, ní hamháin ar son na ndaoine, ach in éineacht leis na daoine. Agus daoine nach nglacfadh páirt i bpróiseas den chineál sin de ghnáth á gcur san áireamh go háirithe, sin is cúis le tábhacht an roghnaithe randamaigh.

Sna seachtainí atá amach romhainn, agus obair an phainéil a fiosrú againn, tugaimis linn spiorad an chomhoibrithe agus na rannpháirtíochta atá ina saintréithe dár n-aistir go dtí seo. Is féidir linn bealach a dhéanamh i dtreo Eoraip níos inbhuanaithe, níos fuinneamhéifeachtúla, agus níos athléimní. Agus beidh tuilleadh painéal le teacht!